

Is
Leatsa
An
Córas
Oideachais

Tuairisc ar an Toradh a bhí
ar an gCuireadh chun Bheith Páirteach
le linn Comhfhís a Chruthú
don Oideachas in Éirinn Amach Anseo

Thomas Kellaghan agus Páid McGee
An Foras Taighde ar Oideachas

Is Leatsa an Córas Oideachais

Tuairisc ar an Toradh a bhí
ar an gCuireadh chun Bheith Páirteach
le linn Comhfhís a Chruthú
don Oideachas in Éirinn Amach Anseo

Thomas Kellaghan agus Páid McGee
An Foras Taighde ar Oideachas

2005

ADMHÁIL

Aithnítear le buíochas an chabhair a fuair an rúnaíocht le linn phróiseas Is Leatsa an Córas Oideachais ó na daoine seo a leanas: oifigigh shinsearacha na Roinne Oideachais agus Eolaíochta; Claire Rush agus Kay Fallon, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta; Mary Rohan, David Millar, Hilary Walshe, Peter Archer, Gerry Shiel, Rachel Perkins, John Coyle, An Foras Taighde ar Oideachas; Séamus Ó hUallacháin; Eoghan Mac Aogáin; Simon Doyle.

INNEACHAR

1. Réamhrá	1
2. An Próiseas Is Leatsa an Córas Oideachais	5
3. Rannpháirtíocht sa Phróiseas ILCO	7
4. Toradh ar an gCuireadh Is Leatsa an Córas Oideachais	11
Curaclam	11
Foghlaimoirí	13
Measúnú/Scrúduithe	14
Múinteoirí	16
Tuismitheoirí	17
Scoileanna	18
Oideachas Lasmuigh den Scoil	19
Ardoideachas	21
Breisoideachas	21
5. Clabhsúr	23

1. RÉAMHRÁ

Ag cur san áireamh gur gné lárnach i saol na tíre é an t-oideachas, a chabhraíonn le forbairt agus leas an duine aonair agus an phobail, chuir an tAire Oideachais agus Eolaíochta, a bhí ann ag an am, Nollaig Ó Diomasaigh, T.D., tús i mí Eanáir 2004 le próiseas náisiúnta comhairliúcháin ar a dtugtar *Is Leatsa an Córas Oideachais*. Ba é ba chuspóir leis an bpróiseas ná caoi a sholáthar dóibh sin go léir atá páirteach sa chóras oideachais nó a bhfuil suim acu ann comhoibriú i gcruthú chomhfhís oideachais don am atá le teacht. Cé gur deineadh talamh slán de gur dócha nach ionann an dearcadh atá ag gach duine ar chuspóirí an oideachais, rud a fhágfadh nach mbeadh sé fuirist teacht ar chomhthoil ghinearálta, mar sin féin bhíothas ag súil go bhféadfaí na bunphrionsabail is luachmhaire a chuireann bonn faoinár gcóras oideachais a aithint agus, ag éirí as sin, go bhféadfaí cur chuige nuálach a bhunú ar a bhfuil curtha i gcrích againn cheana féin. Moladh do rannpháirtithe dearcadh fadtéarmach a ghlacadh agus iad ag machnamh ar conas is fearr cinnidh a dhéanamh agus soláthar oideachais á phleanáil, nithe a cuireadh as a riocht go minic go dtí seo mar gheall ar dhearcadh gearrhéarmach agus cothú leas dreamanna áirithe. Ina theannta sin, toisc nach mbeidh léargas againn go ceann na nglún ar thorthaí na gcinneadh a dheimid inniu, ní mór do rannpháirtithe suntas a thabhairt ní hamháin don saol faoi mar atá sé faoi láthair ach do na hathruithe is dócha a thiochfaidh air san am atá le teacht.

Cuireann córais oideachais iad féin in oiriúint ar bhonn leanúnach d'athruithe a thagann ar an saol, agus ní heisceacht ar bith é córas oideachais na tíre seo. Ina theannta sin bhí torthaí tábhachtacha sóisialta agus eacnamaíochta ag na hathruithe móra a tharla le leathchéad bliain anuas. Chuir an meánoideachas saor a cuireadh ar fáil sna seascaidí agus na deiseanna leathnaithe ar oideachas tríú leibhéal sna seachtóidí agus sna hochtóidí feabhas mór ar na deiseanna a bhí ag daoine óga agus ní hamháin san, ba iad, i dteannta le nithe eile, ba bhun leis an mórfhorbairt eacnamaíochta a tharla sna nóchaidí. Ón uair amháin go raibh fáil ag gach éinne ar mheánoideachas, do b'fhéidir ansin bunoidreachas a athstruchtúrú, ar bhonn churaclam na bliana 1971, chun cur chuige nua foghlama a sholáthar do pháistí agus iad ag tabhairt aghaidh ar a gcuid oideachais fhoirmiúil.

I measc athruithe eile a tharla le blianta beaga anuas tá creatlach leathan reachtúil (a mbaineann cuid de go díreach agus cuid de go hindíreach leis an oideachas), leasú curaclam, agus roinnt athbhreithnithe ar ghnéithe áirithe den oideachas dírithe, inter alia, ar oideachas speisialta, uathachas, míchumas léitheoireachta, míbhuntáiste, córas na bpointí, oiliúint múinteoirí, agus oideachas tríú leibhéal. Tá impleachtaí don oideachas ag go leor doiciméad, ina measc, *An Plean Náisiúnta Forbartha 2000-2006* (inár aithníodh gur cheart tosaíocht a thabhairt don oideachas), an *Clár Aontaithe i gcomhair Rialtais* (Meitheamh 2002), aontuithe comhpháirtithe sóisialta (le fíorghairid *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn 2003–2005*), *An Straitéis Náisiúnta do Pháistí*, *An Straitéis Náisiúnta Sláinte*, *Straitéis Shochaí na Faisnéise*, agus an *Straitéis Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta*.

D'fhéadfaí teacht ar an tuairim gur leor a bhfuil ann de dhoiciméid chun bonn a chur faoi pholasaí agus nár ghá próiseas cosúil le Is Leatsa an Córas Oideachais a thabhairt ar aghaidh. Tá roinnt cúiseanna ann, áfach, nár chúig glacadh lena leithéid de thuairim. Ar an gcéad dul síos ba mhínic a bhí níos mó den idéalachas ná den réaltacht sna moltaí a deineadh i dtuairiscí ar leith, agus go hiondúil ní raibh costais ag gabháil leo. Sa dara háit, ní léir cad iad na prionsabail a chinnteodh cé na moltaí ag teacht ó fhoinsí éagsúla a dtabharfaí tús áite dóibh sa chás dóchúil nach bhféadfaí iad go léir a chur i bhfeidhm ceal maoinne. Sa tríú háit, cé go nglacfaí leis go bhfuil stádas ag moltaí a thagann ón chomhpháirtíocht rialtais agus shóisialta nach mbeadh ag tuairiscí ó ghrúpaí ad hoc, is minic gurb é a bhíonn le fáil iontu ná tuairimí ghrúpaí cumhachtacha níos mó ná tuairimí an ghnáthdhuine. Don chuid is fearr ní eascraíonn siad ón daonlathas comhpháirteach ach ón daonlathas ionadaíoch a measann go leor daoine nach mbíonn sé de dheis acu bheith páirteach ann. Cé nár chuir an próiseas Is Leatsa an Córas Oideachais ar chumas gach éinne a t(h)uairim a nochtadh, agus gur próiseas é a fhéadfaí a chur as a riocht, thug sé deis do dhaoine nach mbíonn le cloisint de ghnáth a gcuid tuairimí a nochtadh. Sa mhéid sin ghlac sé leis an bprionsabal a leag Thomas Jefferson síos (agus é ag scríobh chuig John Taylor, 1816) gurb "iad na saoránaigh is fearr a dhéanann caomhnú ar a gcuid cearta féin".

Ón uair go bhfuil deich mbliana imithe ó cuireadh na mór-athbhreithnithe deireanacha ar pholasaí oideachais na hÉireann sa Pháipéar Glas (Oideachas do Shaol Atá ag Athrú), an Coinbhinsiún Náisiúnta Oideachais, agus an Páipéar Bán (Ag Beartú Todhchaí an Oideachais) i gcrích, b'fhéidir go luíodh sé le céill go bhfuil gá le hathbhreithniú ginearálta ag an am seo. Le linn na mblianta sin tháinig síneadh leis an méid ama a fhanann mic léinn sa chóras foirmiúil oideachais; tá an sórt fostaíochta atá ar fáil do chéimithe níos ilchineálaí agus níos airde caighdeán; tá forás mór tar éis teacht ar Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), agus táthar ag súil le tuilleadh fáis; tháinig fás faoi inimirce; agus tá athrú ag teacht de shíor ar luachanna an tsochaí, sa tslí gur dóigh le go leor daoine go bhfuil an t-ábharachas ag dul i dtreise agus go bhfuil luachanna traidisiúnta a bhaineann le saoránacht, le reiligiún, agus le cultúr ag dul i léig.

Is léir gur seoladh Is Leatsa an Córas Oideachais ag pointe go raibh nithe éagsúla, ó nithe cosúil le gaoil shóisialta agus patrúin shaothair go dtí borradh sa dhomhandú, san ilchíochas agus in úsáid Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, ag tabhairt dúshlán nua don chóras oideachais. Ar na nithe nach mór aire a thabhairt dóibh anois tá an gá atá ann leathnú ar raon na mbealaí foghlama atá ar fáil i dtreo is go mbeidh ar chumas gach éinne úsáid a bhaint as na deiseanna a chuireann forbairtí nua-aimseartha ar fáil; an gá atá ann feabhas a chur ar chaighdeán foghlama na mac léinn chun gur fearr a bheidís ullamh do thodhchaí atá éiginnte agus deacair le tairngriú agus a éileoidh scileanna i réiteach fadhbanna, i gcruthaíocht agus i solúbthacht, chomh maith leis an gcumas leanúint leis an bhfoghlaim; agus an gá atá ann an córas oideachais a chur in oiriúint chun go bhfreastalódh sé ar aontacht agus éagsúlacht i sochaí atá ag éirí níos ilchineálaí leis an aimsir.

Sa tuairisc seo, déantar cur síos ar dtús ar na príomhchodanna den próiseas Is Leatsa an Córas Oideachais. Ina dhiaidh sin déantar cur síos gairid ar an rannpháirtíocht sa phróiseas i gcomhthéacs líon na bhfreastalaithe ar chruinnithe, an líon teagmhálacha a deineadh leis an suíomh idirlín, agus suirbhé náisiúnta ar thuairimí an phobail. Tugann an chéad (príomh) roinn eile achoimre ar na tuairimí a nochtadh le linn na gcruinnithe, sna haighneachtaí scríofa, agus sa suirbhé náisiúnta. Sa chuid dheireanach cuirtear conclúidí ginearálta ar aghaidh. Mar aguisín leis an dtuairisc tá liosta daoine agus eagraíochtaí óna bhfuarthas aighneachtaí.

2 AN PRÓISEAS IS LEATSA AN CÓRAS OIDEACHAIS

Bhí sé príomhroinn sa chóras comhairliúcháin ILCO.

1. Cuireadh rúnaíocht ar bun sa bhForas Taighde ar Oideachas a bhí freagrach as cuntas a choimeád agus tuairisc a sholáthar ar imeachtaí an phróisis.
2. D'fhoilsigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta a bhí ann ag an am doiciméad dar teideal *Is Leatsa an Córas Oideachais* in Eanáir na bliana 2004, inar tugadh cuireadh do dhaoine a gcuid tuairimí ar an gcóras oideachais a thabhairt agus, go háirithe, páirt a ghlacadh i ndíospóireacht maidir le conas ba mhaith leo go dtiocfadh forbairt air sa mheán- agus sa bhfadtéarma. Liostáladh mar ábhar breise machnaimh sa doiciméad líon áirithe coincheapa bunúsacha a bhí ábhartha leis an díospóireacht: go bhfreastalaíonn an t-oideachas ar iliomad spriocanna; gur cheart go bhfreastalódh an t-oideachas ar riachtanais fhoghlama gach duine; gur próiseas fad saoil é an t-oideachas; gur gléas tábhachtach é an t-oideachas chun cothromaíocht a chur chun cinn; agus gur cheart go gcuirfeadh an t-oideachas ar chumas daoine iad féin a ullmhú do thodhchaí atá ag athrú agus a bhfuil éiginnteacht ag baint leis. Moladh roinnt áirithe ceannteideal faoina bhféadfaí tuairimí a nochtadh: scoileanna, múinteoirí, foghlaimeoirí, scrúduithe/cailíochtaí, thar bhallaí na scoile amach, caighdeáin, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, breisoideachas, ardoideachas, teagmháil a dhéanamh le pobail, agus maoiniú an oideachais.
3. Tionóladh cruinnithe poiblí i 17 n-ionad¹ ar fud na tíre idir 5 Feabhra agus 30 Márta, 2004. Tionóladh cruinnithe chomh maith le grúpaí áirithe: Cumann na Scoileanna Cuimsitheacha agus Pobail (26 Márta 2004); Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí Bunleibhéal (3 Aibreán 2004); Cumann Bhall na nÚdarás Áitiúla (15 Aibreán 2004); Cumann Náisiúnta an Ghairm-Oideachais (27 Aibreán 2004); an Chomhchumann Bainistíochta/Cumann Bainistíochta na Meánscoileanna Caitliceacha (29 Aibreán 2004); agus *Dáil na bPáistí* (29 Eanáir 2005). Tionóladh cruinnithe fócais chun ceist an mhíbhuntáiste socheacnamaíoch a phlé i gCorcaigh (Lúnasa 4), i dTamhlacht (28 Meán Fómhair), agus i nGaillimh (4 Deireadh Fómhair). Bhí duine éigin go raibh a ainm i mbéal an phobail ina c(h)athaoirleach ar gach ceann de na cruinnithe. Ag roinnt mhaith de na cruinnithe tugadh cuireadh don lucht freastail ar a mbealach isteach

¹ Gaillimh (5 Feabhra), Sligeach (12 Feabhra), Mullach Íde (17 Feabhra), Leitir Ceanainn (19 Feabhra), Cill Chainnigh (23 Feabhra), Droichead na Dothra (24 Feabhra), An Muileann gCearr (1 Márta), Dún Dealgan (2 Márta), An Cabhán (4 Márta), Portlaoise (8 Márta), Trá Lí (11 Márta), Luimneach (12 Márta), Loch Garman (15 Márta), Caisleán an Bharraigh (22 Márta), Corcaigh (25 Márta), Port Láirge (29 Márta), Tamhlacht (30 Márta).

dóibh na nithe ba mhaith leo go ndéanfaí plé orthu a lua. Chuir an cathaoirleach na nithe sin san áireamh agus é ag stiúru na díospóireachta. Bhí painéal daoine a bhí in ann labhairt thar ceann go leor grúpaí éagsúla (mic léinn orthu) i láthair ag na cruinnithe agus nocht siad tuairimí.

Bhí an tAire i láthair ag 14 chruinniú agus bhí Aire Stáit (Síle de Valera, T.D., Brian Ó Luineacháin, T.D.) i láthair ag trí cinn. Míníodh gur ghlac an tAire leis go raibh sé i láthair chun éisteachta; chloígh sé leis an bpolasaí sin agus níor labhair sé ach ag deireadh gach cruinnithe chun a bhuíochas a ghabháil leo siúd a bhí i láthair agus leo siúd a ghlac páirt sa díospóireacht. Ag na cruinnithe leis na grúpaí speisialta labhair an tAire ag deireadh na díospóireachta agus anois is arís nocht sé tuairim ar roinnt de na pointí a ardaíodh. Ag na cruinnithe fócais ghlac sé páirt sa díospóireacht leis an lucht freastail. D'fhreastal an tAire reatha Mary Hanafin, T.D., ar chruinniú *Dháil na bPáistí*.

4. Cuireadh suíomh idirlín (www.youreducation.ie) ar bun in Eanáir 2004 a raibh dhá phríomhaidhm aige: achoimrí ar imeachtaí na gcruinnithe a sholáthar agus poiblíocht a thabhairt do thuairimí daoine aonair. B'fhéidir chomh maith tuairimí a sholáthar i scríbhinn don rúnaíocht. Níor mhian le roinnt de na húdair go gcuirí na haighneachtaí ar an idirlín.
5. Lorgaíodh tuairimí shampla cuóta (N= 1,511) de dhaonra na tíre a bhí 15 bliana nó os a cionn ar raon ábhar oideachais a bhí tábhachtach agus suas chun dáta in agallaimh a dein Millward Brown IMS i Meitheamh–Iúil 2004. Ba iad na hábhair a scrúdaíodh ná: an t-eolas atá ar fáil i dtaobh scoileanna; múinteoirí agus múinteoireacht; bainistíocht scoileanna; bealaí chun feabhas a chur ar oideachas; maoiniú an oideachais; agus measúnú an oideachais. Tá tuairisc ar an suirbhé ar fáil ag www.youreducation.ie agus www.erc.ie
6. Chun ionracas an phróisis a chinntiú d'aontaigh ochtar duine feidhmiú mar iontaobhaithe neamhspleácha: Ms Mary Davis, Dr Garret Fitzgerald, Dr Padraig Hogan, Dame Geraldine Keegan, Dr Barry McGaw, Mr Ned Sullivan, Dr Catherine Sweeney, Mr John Wilson. Bhí duine nó níos mó de na hiontaobhaithe i láthair ag gach cruinniú lasmuigh de chruinniú amháin.

3 RANNPHÁIRTÍOCHT SA PHRÓISEAS ILCO

Léiríodh suim go forleathan sa phróiseas comhairliúcháin. Bhí an meántinreamh ag na 17 gcruinniú os cionn 260 (ó thart ar 150 go 450). Ar na daoine a bhí i láthair bhí tuismitheoirí, múinteoirí, mic léinn (ag gach leibhéal), agus baill an ghnáthphobail. Chomh maith, fuair an rúnaíocht 593 aighneacht scríofa, go leor díobh ar an ríomhphost. Ina theannta sin d'fhreagraigh sampla de 1511 daoine (787 bean; 724 fear) os cionn 15 bliana ag 108 n-ionad ar fud na tíre ceistiúcháin in agallamh a mhair thart ar leathuair an chloig. Comhartha eile suime is ea é gur deineadh teagmháil leis an suíomh idirlín 431,719 n-uair idir Eanáir 2004 agus Iúil 2005. Tharla an ghnómhaíocht ba threise le linn, nó díreach i ndiaidh, na gcruinnithe poiblí i Márta agus Aibreán 2004. Deineadh thart ar 10,000 teagmháil a chlárú i ngach ceann de chúig mhí tosaigh na bliana 2005. Ní sa tír seo amháin a bhí suim sa phróiseas: deineadh teagmháil leis an suíomh chomh maith ó na tíortha seo a leanas: an Ostair, an Astráil, an Bheilg, Ceanada, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír, an tSéalainn Nua, an Phacastáin, an Pholainn, Poblacht na Slobháice, an Ríocht Aontaithe, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Ag seo a leanas samplaí de na freagraí ar an bpróiseas a fuarthas ar an idirlíon ó dhaoine aonair.

'Is dóigh liom go bhfuil an tasc atá idir lámhaibh agaibh oscailte, macánta agus dearfach. Tugann an leagan amach atá ar an suíomh idirlín agus ar na doiciméid deis do gach éinne a thuairim a nochtadh, cé beag/mór é. Tá dóchas agam go dtiocfaidh feabhas ar an gcóras oideachais de bharr na hiarrachta seo.'

'Is bealach an-mhaith é an doiciméad ILCO chun tuairimí a fháil ó dhaoine ar mhaith leo feabhas a chur ar an gcóras oideachais ach nach ngnáth go n-éistítear leo.'

'Is dóigh liom go n-ardaíonn an doiciméad ILCO na ceisteanna bunúsacha is gá a chur mar gheall ar an riocht ina bhfuil an córas oideachais faoi láthair.'

'Tá ardmholadh ag dul don Aire as an tionscnamh seo a thabhairt ar aghaidh agus tá súil agam go n-aithneoidh an próiseas na nithe gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh.'

'Tá ríméad orm gur chuir an tAire tús leis an athbhreithniú seo ... measaim go gcaithfidh athrú teacht ar an gcóras nó ní mhairfidh sé.'

'Mar mhúinteoir go bhfuil os cionn 20 bliain taithí aige/aici lig dom méid m'áthais a chur in iúl gur iarradh orm mo thuairim a thabhairt. Cé go n-iarrtar a gcuid tuairimí go rialta ar cheardchumann mhúinteoirí agus ar shaineolaithe is annamh nó riamh a iarrtar tuairim an mhúinteora ranga.'

‘Ní bheadh mórán iontaobhe agam as an bpróiseas comhairliúcháin seo.’

‘Thug na cruinnithe deis do na gnáthshaoránaigh a gcuid tuairimí ar an gcóras oideachais a nochtadh.’

‘...lig dom comhghairdeas a dhéanamh leis an Aire mar gheall ar deis a thabhairt do na geallsealbhoirí go léir a gcuid tuairimí ar threo cuí don gcóras oideachais a nochtadh.’

‘Tá súil agam nach gcuirfidh dea-intinn an doiciméid seo prámhacha síos i gclabhar i seomra stórais éigin ach go bhfeidhmeoidh sé mar a bheadh bunchloch ann do chóras oideachais a mbíonn feabhas ag teacht air i gcónaí agus atá cuimsitheach, cothrom agus chun tosaigh ar chórais i dtíortha eile.’

Bailíodh na sonraí a thugtar sa tuairisc seo ó thrí fhoinsé: cruinnithe poiblí, speisialta agus fócais; aighneachtaí don rúnaíocht; agus an suirbhé náisiúnta ar thuairimí phobal na tíre. Cé go raibh buntáistí agus laigí ag baint le gach ceann díobh, i dteannta a chéile ba dheis as an gcoitiantacht iad do ghnáthphobal na tíre a gcuid tuairimí ar an gcóras oideachais a nochtadh. De bhrí go bhfuil ceistanna ar leith i bhfeirann an oideachais gurb annamh a thugtar suntas dóibh i gcúrsaí polaitíochta ag an leibhéal náisiúnta agus de bhrí nach ann do struchtúir áitiúla, a sholáthródh deis díospóireachta, ach i réimse an ghairmoideachais amháin, is beag seans atá ann tuairimí an ghnáthphobail a fháil ar cheistanna oideachais. Is cinnte gur cailliúint é seo do lucht déanta polasaí agus don díospóireacht a bhíonn ann idir pháirtithe cumhachtacha, go háirithe ag cur san áireamh an claochlú tapaidh atá ag teacht ar shochaí na tíre seo agus na hathruithe substaintiúla atá tar éis teacht ar chúrsaí oideachais le roinnt blianta anuas.

Bua a bhain leis na cruinnithe poiblí ná go rabhadar oscailte do gach duine agus sholáthraigh siad, ag leibhéal áitiúil, deis tuairimí a nochtadh. Tharraing siad isteach daoine ó gach leibhéal den oideachas, ag mealladh mac léinn, tuismitheoirí, múinteoirí, agus daoine eile go raibh baint acu le hoideachas chomh maith le daoine nár bhain le ceann ar bith de na haicmí thuasluaite ach ar chás leo ról an oideachais sa tsochaí. Thug na cruinnithe deis do dhaoine a gcuid tuairimí a nochtadh go díreach leis an Aire chomh maith le hoifigigh shinsearach na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Bhí ionadaíocht láidir ó thuismitheoirí agus ó mhúinteoirí ag gach cruinniú, ach bhí an rannpháirtíocht ó ghrúpaí ar leith, go háirithe lucht tionscail/gnó agus lucht oideachais tríú leibhéal (agus oiliúint mhúinteoirí san áireamh) teoranta go maith.

An laige ba mhó sna cruinnithe poiblí ná gur thug siad deis do ghrúpaí ar leith, deis ar ghlacadar leis go minic, smacht a fháil ar an gcruinniú, i gcásanna áirithe ag seinm ar an téad chéanna ag cruinniú i ndiaidh cruinnithe. Deineadh tagairt i níos mó ná aighneacht amháin don súomh idirlín do chruinnithe a bheith á gcur as a riocht. “Cé mar dheas-maoineamh é smaointe a nochtadh go poiblí” a dúirt comhfhreagróir eile, agus lean sé/sí air (ag dul thar fóir b’fhéidir) “is trua nach dtapaíonn an pobal an deis.”

Laige eile sna cruinnithe poiblí is ea é nár éirigh le gach duine go raibh fonn cainte air deis labhartha a fháil mar gheall ar an líon daoine a bhí i láthair. Rithfeadh sé le duine go raibh an líon daoine a labhair agus an líon daoine nach bhfuair deis labhartha ag teacht lena chéile ag an gcuid is mó de na cruinnithe. Ina theannta sin, de bhrí go raibh múinteoirí i láthair, bhí sé dian ar thuismitheoirí imní nó locht maidir le hoideachas a gcuid páistí a lua ag an gcruinniú, agus bhí sé níos déine fós ar mhic léinn a leithéid a dhéanamh, cé go rabhtas ann a dhein é. Cé gur beag rud diúltach a dúrthas mar gheall ar mhúinteoirí ag na cruinnithe poiblí, tharla sé ag na cruinnithe fócais gur nocht grúpaí ó cheantair faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch mórinní faoin mbealach ina gcaitheann múinteoirí le thuismitheoirí de chuid an lucht oibre. Bhí deis chomh maith ag thuismitheoirí, múinteoirí, agus mic léinn a gcuid tuairimí a nochtadh ar an suíomh idirlín, áit nach raibh an oiread céanna fianaise ann is a bhí ag na cruinnithe poiblí go raibh grúpaí ar leith ag iarraidh smacht a fháil ar an gcóras cumarsáide.

Cé go dtugann na tuairimí a nochtadh ag na cruinnithe poiblí, ag na cruinnithe le grúpaí speisialta agus ag na cruinnithe fócais, léargas tábhachtach ar thuairimí daoine a bhfuil dóthain suime acu san oideachas chun a gcuid tuairimí a thabhairt, ní féidir talamh slán a dhéanamh de go dtugann siad léargas iomlán cruinn ar dhearcadh an ghnáthphobail i gcoitinne. Chun an fhadhb seo a réiteach roghnaíodh sampla de phobal na tíre i gcomhair agallamh. Bhí de bhua ag an suirbhé gur thug sé ionadaíocht do phobal na tíre ina iomláine agus ba é an chéad uair é le tríocha bliain gur lorgaíodh tuairimí an phobail ar cheisteanna a bhaineann leis an oideachas.

Laige a bhaineann le suirbhéanna is ea é nach mbíonn an doimhneas agus an saibhreas céanna le fáil iontu is a bhíonn le fáil in aighneachtaí scríofa nó ó bhéal. Ina theannta sin agus na torthaí á meas is minic a dhéantar neamhshuim de raon na bhfreagraí. Mar shampla, cé gur dócha gurb ábhar sásaimh é go measann 55% de na freagróirí go bhfuil an bhéim a chuirtear ar scileanna neamhspleácha foghlama a fhorbairt ‘díreach sásúil’, b’fhéidir go bhfuil sé tábhachtach a rá chomh maith go measann 36% díobh nach ‘leor’ an bhéim a chuirtear air. Tá éagsúlacht le tabhairt faoi deara chomh maith i gcéatadáin na bhfreagróirí a thug breithiúnas ar an tábhacht a bhain le ‘easpa smachta i measc mac léinn’. Mheas 32% go raibh an fhadhb ‘an-tromchúiseach’, 37% ‘tromchúiseach’, 20% ‘gan bheith róthromchúiseach’, agus 7% ‘gan bheith tromchúiseach in aon chor’.

Tasc deacair, nach mór dodhéanta, is ea é raon tuairimí na ndaoine a labhair ag cruinnithe agus a chuir aighneachtaí chugainn a thabhairt i bhfoirm achoimrithe. Is léir nach féidir tuairim gach éinne a thabhairt mar gheall ar easpa spáis. Ach níos tábhachtaí fós, bheadh easpa aontachta i dtuairisc ar bith a thabharfadh faoina leithéid a dhéanamh. Níor mhór rogha a dhéanamh i measc an ábhair go léir agus chuige sin níor mhór critéir a chumadh. Critéar amháin is ea é cé chomh minic is a ardaíodh ábhar, cé go bhfuil níos mó i gceist anseo ná an méid uair a ardaíodh an t-ábhar a chomhaireamh. Sa dara háit, cuardaíodh fianaise comhthola, cé nach gciallaíonn sé seo nár tugadh tuairimí contráilte (agus déanfar tagairt dóibh seo ó am go ham). I gcás ábhar áirithe thángthas ar fhianaise comhthola trí comparáid a dhéanamh idir tuairimí a nochtadh ag cruinnithe nó in aighneachtaí agus freagraí a fuarthas sa tsuirbhé náisiúnta. Sa tríú háit, measadh go raibh fiúntas ar leith ag baint le tuairimí fadradharcacha. Uaireanta bhí sé dian tabhairt ar rannpháirtithe dearmad a dhéanamh de riachtanais na huair (riachtanais, mar shampla, a bhaineann le soláthar i gcomhair deacrachtaí foghlama, easpa smachta i measc mac léinn, nó le fadhbanna a bhaineann le rochtain ar mheánscoileanna). Is féidir go bhfuil éifeacht thromchúiseach, fhadtéarmach ag riachtanais na huair ar leasuithe mar nuair a chuirtear leasuithe i bhfeidhm is minic gurb é a bhíonn i gceist ná mionathruithe ar an gcóras reatha níos mó ná athruithe bunúsacha ar struchtúir.

Cé gur deineadh gach iarracht na critéir seo a chur i bhfeidhm, seans go raibh éifeacht ag claonta pearsanta ar roghnú an ábhair. Mar gheall ar seo, moltar do léitheoirí aighneachtaí rannpháirtithe a léamh ar shuíomh idirlín na rúnaíochta (www.youreducation.ie). Ní hamháin go mbainfidh siad tairbhe as na haighneachtaí, ach tabharfaidh an iarracht aitheantas don cheangaltas, don am, agus don iarracht a dhein na comhfhreagróirí chun na haighneachtaí a chur le chéile.

4. TORADH AR AN GCUIREADH ILCO

Is ar bhonn na dtopaicí atá leagtha amach sa doiciméad *Is Leatsa an Córas Oideachais* a foilsíodh ag tosach an phróisis chomhairliúcháin atá rangú déanta ar na freagraí a tugadh ar an gcuireadh chun páirt a ghlacadh sa díospóireacht chun teach ar chomhfhís den oideachas sa tír seo sna blianta atá romhainn amach. Mar sin féin, deineadh athruithe áirithe chun freastal ar fhreagraí na rannpháirtithe.

CURACLAM

Bhí sé le baint as a lán de na nithe a dúradh faoin gcuraclam go bhfuil tuairim ann gur ceart go gcuirfeadh an t-oideachas san áireamh na cúinsí sóisialta faoina mhaireann mic léinn agus na cúinsí eacnamaíochta a gcaithfidh siad aghaidh a thabhairt orthu tar éis dóibh an scoil a fhágaint. In ionad é sin a dhéanamh, bhí an tuairim ann go raibh taithí oideachais na mac léinn faoi láthair róchúng agus ró-acadúil (measadh go raibh an chuid is mó den mheánoideachas dírithe ar rochtain ar oideachas tríú leibhéal), agus dírithe an iomarca ar inneachar níos mó ná ar phróiseas. Ina theannta sin, chuir sé an iomarca béime ar nithe a chur de ghlanmheabhair agus bhí an iomarca ábhair ann.

Chomh maith, measadh nár mhór níos mó aire ná mar a thugtar dóibh faoi láthair a thabhairt do riachtanais *gach uile* mhac léinn, agus d'oiriúnacht curaclam agus modhanna teagaisc chun freastal ar na riachtanais sin. Tacaíodh go láidir leis an tuairim nach féidir córas oideachais a eagrú ar an mbonn go n-oireann an cur chuige céanna do gach duine má tá sé le freagairt do riachtanais, buanna, agus spéiseanna gach uile foghlaimeora, agus má tá sé le freastal ar a bhforbairt iomlán. Ní mór aitheantas a thabhairt don phrionsabal seo anois níos mó ná riamh sa mhéid go bhfuil méadú ag teacht faoin ilchineálacht san aos foghlama, de réir mar atá fás ag teacht faoi líon na bhfoghlaimeoirí ó chúlraí éagsúla cine, reiligiúin agus tuata atá sa chóras oideachais, agus níos mó daoine óga le riachtanais éagsúla (agus daoine le deacrachtaí foghlama orthu) ag fanacht sa chóras ar feadh tréimhsí breise aimsire.

Pléadh oiriúnacht na gcuraclam agus saghasanna eile soláthair oideachais do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ag na cruinnithe poiblí go léir agus bhí míshástacht láidir leis an soláthar reatha ina théama marthanach le linn na gcruinnithe. Díríodh aire ar fhadhbanna a shíolraíonn ó mhoill a tharlaíonn i dtástáil daltaí, ranganna móra, agus ganntanas múinteoirí speisialta. Tugadh tacaíocht do na tuairimí a nochtadh ag na cruinnithe sa suirbhé náisiúnta pobail, áit a d'aithnigh céatadán mór freagróirí gá le tuilleadh múinteoirí tacaíochta agus oideachais speisialta.

Bhain go leor de na tuairimí faoi na curaclaim le meánoideachas agus léirigh siad inní ní hamháin le hinneachar na gcuraclam ach leis na modhanna teagaisc a úsáidtear chun na curaclaim a mhúineadh. Maidir leis an inneachar, mheas rannpháirtithe áirithe gur cheart go mbeadh raon níos leithne ábhar traidisiúnta, acadúla á thairiscint (mar shampla, teangacha iasachta, síceolaíocht) chun go mbeadh rogha níos fearr ag mic léinn. Cé go raibh meon dearfach i leith na Gaeilge ann, agus aitheantas dá hionad mar chuid de oidhreacht chultúrtha na tíre, bhí an tuairim ann go bhfaigheann an t-ábhar an iomarca ama agus aire i scoileanna (mhol a lán nach mbeadh sé éigeantach). Measadh nár leor an chóiríocht (foireann, spás agus trealamh) do roinnt ábhar (corpoideachas, staidéar ar ríomhairí), agus measadh go raibh inneachar ábhar áirithe (mar shampla, eolaíocht) as dáta, nó nár mhúscail sé suim na ndaltaí.

Bhí go leor tacaíochta ann ar mhaithe le hábhair a thabhairt isteach i meánscoileanna in achair fhoghlama nach bhfuil chomh hacadúil céanna ach a mbeadh baint níos mó acu le saol laethúil na mac léinn (mar shampla, sláinte, scileanna saoil, feasacht ar dhruganna/alcól, tuismitheoireacht/cúram leanaí, fiontraíocht). Mar sin féin, glacadh leis go bhféadfadh sé seo fadhbanna a chruthú i gcomhthéacs curaclaim a bhfuil an iomarca ábhair ann cheana féin i dtuairim a lán daoine; ina theannta sin, bhí an baol ann, mheas rannpháirtithe áirithe, go dtabharfadh sé le tuiscint, tuiscint a fhéadfadh a bheith contúirteach, go rabhthas ag brath an iomarca ar scoileanna chun fadhbanna sóisialta a réiteach.

Dearcadh a fuair tacaíocht ar leith ó thuismitheoirí is ea é nach ndéantar dóthain cúraim i scoileanna d'fhorbairt luachanna, freagracht shóisialta, agus féinmheas i measc na mac léinn.

Go ginearálta, léiríodh leibhéal níos airde inní mar gheall ar mhodhanna múinte agus foghlama ná mar a léiríodh mar gheall ar inneachar an churaclaim. Bhíothas nach mór ar aon fhocal go raibh gá le cur chuige “níos gníomhaí”, nach raibh chomh hacadúil céanna, modhanna foghlama a bhain úsáid níos mó as ‘taithí’, as an ‘tsamhlaíocht’, as obair phraiticiúil, agus as ‘cleachtadh i réiteach fadhbanna’. Chun freastal ar an riachtanas seo is léir go bhfuil gá i scoileanna le tuilleadh acmhainní fisiciúla chomh maith le dearcadh nua i leith teagaisc agus foghlama. I gcás na heolaíochta, cé gur fháiltigh múinteoirí roimh churaclaim nua ba mhian leo a nótáil nach raibh soláthar dóthaineach ann d'fhearais shaotharlainne chun na curaclaim nua a theagasc. Measadh nach raibh na modhanna atá in úsáid chun teangacha (agus an Ghaeilge orthu) a theagasc sásúil.

Is féidir teacht ar roinnt conclúidí ginearálta maidir le curaclaim.

- Ba cheart tosaíocht a thabhairt do riachtanais daltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama/riachtanais speisialta oideachais acu.
- Ba cheart curaclaim a leathnú chun go mbeadh raon níos leithne eolais agus scileanna (ealaíona, eolaíocht, scileanna teicniúla, aeistéitic), scileanna a bhaineann le riachtanais eacnamaíochta na mac léinn amach anseo, agus gníomhaíochtaí a bhfuil de chuspóir acu luachanna, freagracht shóisialta, agus féinmheas a fhorbairt sna mic léinn.
- Ní mór tuilleadh solúbthachta a shaothrú i gcur i bhfeidhm an churaclaim i dtreo is go bhféadfaí curaclaim agus modhanna teagaisc a chur in oiriúint do spéiseanna, cumais agus stíl fhoghlama na mac léinn.

- Ba cheart scrúdú a dhéanamh ar an ualach a chuireann an curaclam ar mhic léinn ag an gcéad agus an dara leibhéal, ag cur san áireamh go ndéanann grúpaí áirithe ábhar éilimh dhifriúla ar mhic léinn ag an dara leibhéal.
- Ba cheart béim níos lú a chur ar mhúineadh agus foghlaim eolais agus béim níos mó ar mhic léinn a spreagadh chun machnamh neamhspleách a dhéanamh chun fadhbanna a réiteach.
- Ba cheart go bhfaigheadh mic léinn tuilleadh taithe ar obair phraiticiúil. D'fhéadfaí freastal ar chuid den riachtanas seo láithreach trí sholáthar dóthaineach de fhearis shaotharlainne a chur ar fáil i scoileanna chun eolaíocht a theagasc. D'ainneoin sin, tá impleachtaí i bhfad níos leithne aige sa bhfadtéarma, a bhaineann le nithe cosúil le soláthar spáis i scoileanna, modhanna teagaisc, agus modhanna scrúdúcháin.

FOGHLAIMEOIRÍ

Tugadh aire ar leith sa phróiseas comhairliúcháin don ról atá ag scoileanna maidir le heolas agus scileanna a fhorbairt sna mic léinn. Tá dlúthbhaint idir é seo agus cúrsaí curaclaim a pléadh sa chuid dheireanach den tuairisc ón uair go gcuirtear curaclaim le chéile go príomha chun eolas agus scileanna na bhfoghlaimoirí a fhorbairt. Dá bhrí sin, tá na smaointe a pléadh sa chuid dheireanach bainteach leis an gcuid seo den tuairisc chomh maith.

Ag tagairt don méid eolais atá inmhianaithe don mhac léinn, ní raibh na rannpháirtithe ag éileamh go gcuirí feabhas ar chaighdeán sna hachair sheanbhunaithe den churaclam foirmiúil, ach amháin go dtiocfadh feabhas ar 'scileanna bunúsacha', go háirithe litearthacht agus uimhearthacht. Ba mhó an chaint a bhí ann, ag teacht leis na tuairimí a nochtadh faoi na curaclaim, faoin gá atá ann scileanna ginearálta a fhorbairt (cinnidh a dhéanamh, fadhbanna a réiteach, machnamh neamhspleách, foghlaim conas foghlaim a dhéanamh, foghlaim conas machnamh a dhéanamh, scileanna cumarsáide) agus máistreacht in achair neamhadúla ('scileanna saoil' agus cócaireacht, tiomáint cairr, scileanna sóisialta, scileanna praiticiúla, forbairt phearsanta, scileanna sóisialta agus caidreamh idirphearsanta, fiontraíocht, féinmheas). Sa mhéid seo, tá siad ar aon fhocal le daoine i dtíortha eile a mheasann go lorgaíonn fostóirí fostaithe a mbíonn scileanna ginearálta acu agus cumas agus toil chun foghlama, agus gur gá tuilleadh dlúis a chur leis an eacnamaíocht náisiúnta tríd an ngaol idir an scolaíocht, an fhostaíocht, an táirgiúlacht, agus an margadh a neartú.

Nuair a pléadh deacrachtaí foghlama ag na cruinnithe poiblí, ba é disléicse an míchumas ba mhó ar deineadh tagairt dó. Bhí líon mór de lucht tacaíochta dhá ghrúpa, ar ghnáth eagar maith a bheith orthu, i láthair ag roinnt de na cruinnithe chomh maith: páistí a bhfuil míchumas uathachais orthu agus paistí a bhfuil deacrachtaí móra éisteachta acu. Ba é a bhí ag teastáil ón gcéad ghrúpa ná soláthar ar leith áitiúil i rang speisialta, nó níos minice i scoil speisialta. Theastaigh oideachas trí mheán teanga comharthaíochta chomh maith, agus múinteoirí a raibh deacrachtaí éisteachta acu féin, ó ghrúpa a bhí ann thar ceann páistí a raibh deacrachtaí móra éisteachta acu. Ba chonstaic mhór í, áfach, an cháilíocht sa Ghaeilge maidir le múinteoirí den saghas sin a earcú.

Pléadh an éifeacht atá ag míbhuntáiste oideachais ar dhul chun cinn oideachais agus ar dheiseanna saoil pháistí ag roinnt cruinnithe poiblí agus fócais. Ardaíodh roinnt pointí éagsúla: an gá atá le maoiniú breise; an gá atá leis na scéimeanna agus seirbhísí a fhreastalaíonn ar fhadhbanna atá bainteach le míbhuntáiste oideachais a chomhordú níos fearr; an gá le comhoibriú níos fearr idir scoileanna, teaghlaigh, agus pobail; an gá le tuilleadh solúbthachta chun ligean do scoileanna a gcuid spriocanna féin a shocrú agus próisis chun na spriocanna sin a aimsiú, a chruthú agus a mheasúnú; agus an gá don Roinn Oideachais agus Eolaíochta leigheas a fháil ar an moill a tharlaíonn maidir le hairgeadú scéimeanna.

Tharlódh leis go mbeadh éifeacht ag soláthar feabhsaithe gairmthreorach ar nithe áirithe a bhaineann le míbhuntáiste (mar shampla, luathfhágáil scoile). Pé scéal é, measadh nach leor é leibhéal an mhaoinithe reatha sa tslí go bhfaigheann mic léinn beagán treorach, agus níos lú fós comhairleoireachta, nuair a bhíonn siad ag an leibhéal sóisearach den mheánoideachas.

Ardaíodh pointí a bhaineann le hiompar mac léinn (go háirithe i meánscoileanna) ag go leor de na cruinnithe poiblí. Tugadh le tuiscint go raibh mí-úsáid an alcóil agus druganna, easpa smachta, agus drochiompar ag éirí coitianta, agus go raibh siad ag cur isteach ar obair na scoileanna. Ina theannta sin, measadh gur in olcas a chuaigh an scéal mar gheall ar reachtaíocht a bhain, dar leo, de chearta daltaí ar theastaigh uathu foghlaim.

Is féidir teacht ar cheithre chonclúid ghinearálta maidir le mic léinn.

- Ba cheart go bhfoghlaimedh mic léinn raon leathan scileanna ginearálta maidir le cinnidh a dhéanamh agus le fadhbanna a réiteach chun gur fearr a fhéadfaidís feidhmiú i ngeilleagar atá 'bunaithe ar an eolas'.
- Ní mór cúram níos mó a dhéanamh de chumas mac léinn a fhorbairt in achair neamhacadúla.
- Ba cheart an soláthar i gcomhair treoir ghairme a fheabhsú
- Ní mór aghaidh a thabhairt ar fhadhb an easpa smachta i scoileanna.

MEASÚNÚ/SCRÚDUITHE

Ní hionadh gur éirigh ceist an mheasúnaithe (agus scrúduithe foirmiúla san áireamh) toisc go bhfuil ról lárnach aige i níos mó ná gné amháin de phróiseas an oideachais: nuair a úsáidtear é chun cinnidh oideachais a dhéanamh i gcás mac léinn; chun aiseolas a thabhairt do mhac léinn faoina d(h)ul chun cinn, a b(h)uanna agus a laigí; chun éifeacht agus dóthaineacht an churaclaim a mheas; agus chun eolas a sholáthar i dtaca le polasaí. Faoi mar a dhéantar in achair eile, aithníodh laigí sa chóras reatha, go háirithe ag deireadh an mheánoideachais.

Is beag ceann a tógadh d'úsáid an mheasúnaithe ar bhealach foirmitheach, cé go ndúirt cainteoir amháin gur cheart go mbeadh measúnú seachtrach ar fáil chun mic léinn a bhfuil tuilleadh cabhrach ag teastáil uathu a aithint. Chomh maith céanna, is beag a ndúirtheas faoi mheasúnú ag an gcéad leibhéal den oideachas. Arís bhí eisceacht ann. Dúirt cainteoir amháin gur cheart go ndéanfaí measúnú seachtrach de shaghas éigin ar fhoghlaim na ndaltaí i mbunscoileanna

Sa díospóireacht, agus sna haighneachtaí a deineadh chuig an rúnaíocht, pléadh measúnú agus scrúduithe go príomha i gcomhthéacs an úsáid a bhaintear as i scrúduithe poiblí, go

háirithe an Ardeistiméireacht. Aithníodh an ról tábhachtach atá ag scrúduithe den sórt sin: deimhníonn siad go bhfuil foghlaimeoirí tar éis cuid amháin den chóras oideachais a chur díobh go sásúil agus gur éirigh leo leibhéal sásúil inniúlachta a bhaint amach sa chuid sin den chóras; rangaíonn siad mic léinn de réir leibhéil éagsúla chumais; roghnaíonn siad mic léinn i gcomhair tuilleadh staidéir agus cuid acu i gcomhair postanna; agus an éifeacht atá acu, maille le cláir teagaisc, ar eolas scolaíochta.

Aithníodh roinnt fadhbanna a bhaineann leis an gcóras reatha: déanann scrúduithe cumas mac léinn a thomhas chun fórais a thabhairt chun cuimhne níos mó ná chun scileanna de leibhéal níos airde a úsáid; brathann siad an iomarca ar scrúduithe scríofa ag ceann an chúrsa; tá drochéifeacht acu ar theagasc agus ar fhoghlaim, ar na cumais a fhoghlaimíonn mic léinn, ar an gcaoi a dtugann siad faoi thascanna foghlama, agus ar luathfhágáil scoile chun na scrúduithe a sheachaint. Treisíonn sé drochéifeacht na nithe seo go léir gur féidir réamhaithris a dhéanamh ar inneachar na scrúduithe. Dhein aighneacht amháin tagairt do chlár RTÉ inar dhein mic léinn agus baill den phobal anailís ar scrúduithe na hArdeistiméireachta agus inar dhein siad tuairimí a nochtadh mar gheall orthu agus as a raibh sé le baint nach raibh fáilte roimh cheistanna a lorg smaoineamh teibí agus a lorg go n-úsáidfí coincheapa bunúsacha i ndálaí nua. “ Ní raibh sé cothrom toisc nach raibh sé feicthe againn cheana (ní raibh sé de ghlanmheabhair againn).” Níor mhiste a rá go gcuirtear neart leis an dtuairim seo i gcláracha de chuid RTÉ roimh na scrúduithe ina dtugann múinteoirí / ‘saineolaithe’ comhairle do mhic léinn gur cheart dóibh díriú ar iarrachtaí chun máistreacht a fháil ar straitéisí a chabhróidh leo cliath an scrúduithe a léim (“téigh siar ar sheanscrúduithe...’ ‘tagann an cheist sin suas i gcónaí...’). Ón taobh sin de, ní hamháin gurb é an scrúdú an curaclam *de facto* ach is féidir leis teacht idir an mac léinn agus máistreacht a fháil ar ábhar an churaclaim agus scileanna marthanacha a fhorbairt.

Aithníodh roinnt rudaí a bhí ábhartha i gcomhthéacs ról na scrúduithe i gcruthú an oideachais sna blianta atá romhainn. Orthu sin tá: an féidir leis na scrúduithe raon mór cumas agus riachtanas foghlaimeoirí a aithint; a mhéid is féidir le scrúduithe tacú le nó cur isteach ar bhealaí foghlama a bheadh i dtaobh le breis gníomhaíochta; a mhéid a dheineann scrúduithe cumas foghlaimeoirí a thomhas chun a gcuid eolais a úsáid chun solas a chaitheamh ar rudaí nach raibh aon chur amach acu orthu roimh ré, in ionad a gcumas a thomhas chun nithe atá cloiste nó léite acu a thabhairt chun cuimhne; agus a mhéid gur leor iad chun cumas foghlaimeoirí a mheas chun fianaise a thabhairt go bhfuil na scileanna a bheidh ag teastáil uathu amach anseo nuair a bheidh gá acu le feidhm a bhaint as a gcuid eolais i ndálaí éagsúla chun réiteach cruthaitheach agus éifeachtach a fháil ar fhadhbanna.

Cé nach bhfaca cainteoir amháin gá le hathrú ar bith, agus mheas cainteoir eile gur cheart fáil réidh leis an gcóras ina iomláine, mhol an mhórchuid go ndéanfaí roinnt leasuithe, go leor díobh ag lorg ‘measúnú leanúnach’. Sa suirbhé náisiúnta mheas beagán os cionn leath na bhfreagróirí gur cheart go gcuirfí marcanna ó mhúinteoir an mhic léinn féin san áireamh agus grád an mhic léinn á mheas, agus bhí beirt as gach triúr i bhfábhar cúrsa na hArdeistiméireachta a bhriseadh suas i roinnt modúl a bhféadfaí tabhairt fúthu ag amanna éagsúla agus a scrúdófaí nuair a bheidis críochnaithe. Deineadh moltaí chomh maith maidir le measúnú bunaithe ar thionscnaimh agus ar phunainn, measúnú praiticiúil, measúnaithe

‘an leabhair oscailte’, agus scrúduithe cainte (don Teastas Sóisearach). Nochtadh an tuairim chomh maith gur cheart aitheantas a thabhairt do ghníomhaíochtaí ‘lasmuigh den churaclam’ (i spórt, gníomhaíocht phobail, taithí oibre, drámaíocht, díospóireacht) sa phróiseas cáiliúcháin. Léiríodh sásamh leis an Ardteistiméireacht Fheidhmeach, maidir lena hoiriúnacht chun freastal ar riachtanais mac léinn nach n-oireann an Ardteistiméireacht thraidisiúnta dóibh agus maidir leis na modhanna measúnaithe.

Is féidir dhá chonclúid ghinearálta a tharraingt as an bpróiseas comhairliúcháin a bhain le measúnú/scrúduithe.

- Caithfear an Ardteistiméireacht a leasú má tá mic léinn le bheith ábalta ar scileanna ginearálta i réiteach fadhbanna a meastar a bheith riachtanach i ‘ngeilleagar bunaithe ar eolas’ a fhorbairt.
- Caithfear raon níos leithne eolais agus scileanna a mheasúnú ag úsáid bealaí éagsúla measúnaithe thar achar níos sia aimsire.

MÚINTEOIRÍ

Ag éirí as an ról lárnach atá acu san oideachas, ní hionadh gur cuireadh béim ar leith ar mhúinteoirí (agus ar mhúinteoireacht) sa phróiseas comhairliúcháin. Bhí múinteoirí líonmhar go maith ag na cruinnithe poiblí. Bhí go leor díobh míshásta leis an easpa acmhainní san oideachas agus bhí an tuairim acu nach raibh meas a dhóthain ar a gcuid oibre ag an gcóras agus ag an tsochaí. Aithníodh drochiompar daltaí mar rud amháin a chuir go mór le deacrachtaí múinteoirí.

Sa suirbhé ar thuairimí an ghnáthphobail, bhí an tromlach den tuairim go raibh an chuid is mó de mhúinteoirí oilte sa cheird agus tiomnaithe don obair. Thaispeáin an suirbhé chomh maith go bhfeictear do dhaoine go bhfuil roinnt mhaith éagsúlachta i measc múinteoirí. Mar shampla, mheas thart ar thrian de na freagróirí nach raibh na ráitis ‘Tá múinteoirí oilte chun a gcuid oibre’ agus ‘Tá múinteoirí tiomnaithe’ fíor ach i gcás ‘lín an-bheag’ nó ‘roinnt’ múinteoirí. Comh maith, cé gur mheas dhá thrian de fhreagróirí go raibh post dian ag ‘a lán’ nó ‘an chuid is mó’ múinteoirí, mheas níos mó ná beirt as gach cúigear nach raibh ach ‘lín beag’ nó ‘roinnt’ múinteoirí go maith chun smacht a chur i bhfeidhm, mic léinn a spreagadh chun foghlama, nó chun cabhrú le mic léinn a bhfuil deacrachtaí acu. Bhí imní faoi mhúinteoirí le brath chomh maith in aighneachtaí a cuireadh chuig an rúnaíocht.

Deineadh tagairt éigin d’easpa chumas Gaeilge roinnt múinteoirí, chomh maith le caighdeán íseal iontrála sa mhatamaitic do bhunmhúinteoirí. Measadh é bheith aimhrialta go raibh caighdeán níos airde inniúlachta ag teastáil chun bheith i do mhúinteoir bunranganna (bhí 460 pointe ag teastáil chun áit a fháil ar chúrsa B.Ed.) ná chun bheith i do mhúinteoir fisice do rang Ardteistiméireachta ard leibhéal (bhí 280 pointe ag teastáil chun áit a fháil ar chúrsa céime eolaíochta).

Nocht go leor cainteoirí an tuairim go raibh caighdeán na hoiliúna a fhaigheann múinteoirí (go háirithe meánmhúinteoirí) íseal.

Mheas roinnt cainteoirí go raibh leibhéal inchuntasaíochta múinteoirí íseal. Chun an fhadhb seo a réiteach, agus ag an am céanna chun feabhas a chur ar chaighdeán na múinteoireachta, deineadh roinnt moltaí: measúnú agus aiseolas rialta, cuairteanna cigireachta gan réamhfógra, agus socruithe le go bhféadfaí aiseolas ó mhic léinn a chur san áireamh agus múinteoireacht á measúnú. Cé nár deineadh lánsoiléir é, ba mhó an bhéim a cuireadh ar mheasúnú seachtrach ná ar ghné atá níos tábhachtaí, mar atá, dearbhú cáilíochta a sholáthraíonn measúnú inmheánach (féinmheasúnú scoileanna san áireamh). Maidir leis an ghníomh ba cheart a dhéanamh ar bhonn na meastóireachta moladh raon gníomh ó athoilúint go dtí deireadh a chur le seirbhís an mhúinteora.

Ardaíodh roinnt nithe eile bainteach leis an múinteoireacht. Ceann amháin ná múinteoirí a bheith as láthair óna gcuid ranganna chun oiliúint inseirbhíse a thabhairt nó a fháil agus chun béaltrialacha a réachtáil. Bhí baint ag an dara ceann leis an rud a dtugtar ‘baineannú’ air agus an gá a chonacthas do dhaoine tuilleadh fear a spreagadh chun dul leis an múinteoireacht. Tugadh tacaíocht d’iarrachtaí earcú múinteoirí fireann a fheabhsú, chomh maith le múinteoirí ó chúlraí éagsúla. Sa tríú háit aithníodh bulaíocht a bhí á himirt ag múinteoirí mar ábhar inní, chomh maith leis an ngá le nósanna imeachta a chuirfeadh feabhas ar an meas atá ag múinteoirí agus mic léinn ar a chéile.

I measc na bpríomhchonclúidí a bhaineann le múinteoirí tá na cinn seo a leanas:

- Ba cheart go ndeimhneodh réamhoiliúint múinteoirí go bhfuil múinteoirí inniúil, ar bhronnadh céime orthu, ar ábhar agus ar mhodheolaíocht na múinteoireachta.
- Tá gá le measúnú níos minice agus níos ilchineálaí a dhéanamh ar obair mhúinteoirí.
- Tá gá le gníomh nuair is léir nach bhfuil an mhúinteoireacht sásúil.

TUISMITHEOIRÍ

Bhain go leor den díospóireacht faoi thuismitheoirí leis an ngaol atá acu le scoileanna agus le múinteoirí níos mó ná leis an ról riachtanach atá acu i ndul chun cinn a gcuid páistí. Cé gur deineadh tagairt don ghá go mbeadh ‘baint níos mó ag thuismitheoirí’ le hoideachas níor pléadh cad é go díreach a bheadh i gceist anseo.

Luadh nach leor an t-am atá ar fáil chun go mbuailfeadh múinteoirí agus thuismitheoirí le chéile, agus gur cheart go mbeadh fáil níos mó ar mhúinteoirí chun go bhféadfaí cruinnithe a thionól níos minice.

Dúradh chomh maith go bhfuil níos mó eolais ag teastáil ó mhúinteoirí faoi scoileanna (mar shampla, gníomhaíochtaí lasmuigh den churaclam, saoráidí, obair thionscnaimh, cleachtais smachta) chun rogha a dhéanamh eatarthu. (Scrúdófar an cheist faoi eolas a chur ar fáil don phobal sa chéad roinn eile, Scoileanna.)

Seo a leanas na conclúidí ginearálta a bhaineann le thuismitheoirí.

- Ba cheart go mbeadh baint níos mó ag thuismitheoirí le hoideachas foirmiúil a gcuid páistí, cé nár deineadh soiléir cad é go díreach a bheadh i gceist seachas go mbuailfidís níos minice leis na múinteoirí. (Pléifear ról na dtuismitheoirí arís nuair a scrúdófar rialú agus bainistiú scoileanna sa chéad roinn eile.)
- Ba cheart go mbeadh tuilleadh eolais faoi scoileanna ar fáil do thuismitheoirí.

SCOILEANNA

Aithníodh Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) go minic le linn na díospóireachta mar ghné thábhachtach nár mhór a athrú (agus a éascódh athrú) i struchtúr agus eagrú scoileanna. Tá impleachtaí móra i gceist má táthar le dianúsáid a bhaint as TFC. D'fhéadfadh sé bheith i gceist go n-athrófaí ó mhodhanna traidisiúnta teagasc go dtí modhanna a thabharfadh cúnamh agus teagasc aonair do na páistí, rud a mbeadh de thoradh air go dtiocfadh athrú ar an teagmháil idir múinteoir agus foghlaiméir, sa mhéid nach duine é a thuilleadh an múinteoir a thugann eolas ach duine a chabhraíonn agus a chomhairlíonn, próiseas a dhéanfaidh éileamh trom ar a c(h)uid scoileanna eagraithe. Is léir má táthar le húsáid éifeachtach a bhaint as TFC mar fhoinsé foghlama i scoileanna, go gcaithfear oiliúint inseirbhíse agus forbairt phroifisiúnta a chur ar fáil chun cumas agus féinmhuinín múinteoirí ina húsáid a fheabhsú. Ina theannta sin, chun freastal ar TFC agus ar na saghasanna nua foghlama a éascaíonn sé, seans go gcaithfear struchtúr agus eagrú scoileanna bunaithe ar sheomraí aonair ranga a athrú, agus ról daoine seachas múinteoirí (mar shampla, speisialtóirí i TFC, tuismitheoirí) a scrúdú.

Bheifí ag súil go mbeadh níos mó plé ar leabharlanna sa chomhthéacs seo. Cé gur luadh nach bhfuil cóiríocht go leor ann do leabharlanna agus nach bhfuil dóthain ábhair iontu, níorbh ábhar leathan inní é.

Sa suirbhé náisiúnta, ba dhóigh le móraimh mhóra (os cionn 90%) go raibh sé tábhachtach go gcuirfeadh scoileanna níos mó eolais ar fáil go poiblí mar gheall ar na cúrsaí a mhúineann siad, na saoráidí atá acu chun cabhrú le mic léinn a bhfuil deacrachtaí foghlama/fadhbanna acu, agus an córas smachta atá acu. Mheas thart ar an trí cheathrú cuid de fhreagróirí gur cheart eolas measúnaithe a chur ar fáil faoi scoileanna (bun- agus meánscoileanna) i dtuairisc bhliantúil ar an dul chun cinn agus i dtuairiscí measúnaithe cigirí. I gcás meánscoileanna, dúirt níos mó ná 7 as gach 10 gur cheart go gcuirfí ar fáil go poiblí torthaí an Teastais Shóisearaigh agus na hArdeistiméireachta, líon na mac léinn a théann ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal, agus eolas mar gheall ar an dul chun cinn atá déanta ag mic léinn le linn dóibh bheith sa scoil.

Ardaíodh roinnt pointí i gcaitheamh an phróisis chomhairliúcháin mar gheall ar rialú agus bainistiú scoileanna. Ní rabhthas ar aon fhocal mar gheall ar an ról ba cheart a bheith ag oideachasóirí agus tuismitheoirí i rialú agus bainistiú scoileanna agus i gceapadh an churaclaim. Nótáladh go raibh bearnaí ann i soláthar na hoiliúna i gcomhair daoine a cheaptar ar bhoird bhainistíochta mar gheall ar ghanntanas airgid. Dúradh chomh maith nach raibh údarais scoileanna sásta bualadh le comhairlí mac léinn agus nár tugadh mórán aird ar mholtaí agus ar iarrachtaí mac léinn dul i bhfeidhm ar pholasaí na scoile.

Ag leibhéal níos ginearálta, measadh gá a bheith ann leasú a dhéanamh ar dháileadh na cumhachta sa chóras oideachais. Mheas tromlach na bhfreagróirí nach bhfuil dóthain éifeachta faoi láthair ag mic léinn agus ag tuismitheoirí. Soláthraíodh fianaise ag an gcruinniú le baill *Dáil na bPáistí* gur féidir le fiú amháin mic léinn óga moltaí tábhachtacha a dhéanamh.

Tá na hathruithe atá tar éis teacht ar shochoaí na tíre seo, méadú ar an ilchiníochas agus laghdú ar chleachtadh an reiligiúin, le brath sna hathruithe i rialú agus bainistiú scoileanna atá

ceadaithe faoi na rialacha atá i bhfeidhm. I dteannta le scoileanna a fhreastalaíonn ar reiligiúin ar leith, tá fáil chomh maith ar scoileanna a fhreastalaíonn ar chliantachtaí idiraicmeacha agus teanga. Sa suirbhé náisiúnta, ní raibh freagróirí ar aon intinn faoinar cheart leanúint leis an gcóras seo nó córas níos aontaithe a thabhairt isteach. Ardaíodh pointí mar gheall ar chearta tuismitheoirí ar oideachas dá gcuid páistí i scoil bunaithe ar chreideamh nó ar neamhchreideamh agus ar a gcearta go leanfaí le córas aitheanta oideachais a bhfuil an creideamh mar bhonn leis. Glacadh leis gur féidir scoileanna le córais éagsúla bainistíochta a bhunú i gceantair chathrach ach nach bhfuil sé chomh fuirist céanna faoin tuath.

Bhí na pointí seo a leanas i measc na gconclúidí a bhain le scoileanna.

- Ba cheart ról níos leithne agus a mbeadh brí níos mó ag baint leis a thabhairt do mhic léinn agus do thuismitheoirí laistigh de cheangal nua idir lucht stiúrtha scoileanna agus lucht a n-úsáidte a thabharfadh aitheantas níos mó dá gcearta.
- Ba cheart go mbeadh tuilleadh eolais ar fáil don phobal faoi scoileanna.
- Tá gá le polasaí maidir le soláthar agus bainistiú scoileanna a bheadh ag teacht leis an éagsúlacht chultúir agus reiligiúin atá ag dul i méid i bpobal na hÉireann.

OIDEACHAS LASMUIGH DEN SCOIL

Tacaíodh a bheag nó a mhór sa phróiseas comhairliúcháin le roinnt prionsabal gaolmhara ar tugadh suntas dóibh i ndoiciméad ILCO agus tábhacht an oideachais lasmuigh den scoil agus tábhacht an cheangail idir oideachas foirmiúil agus oideachas lasmuigh den scoil á meas.

An chéad phrionsabal is ea é gur próiseas fad saoil é an t-oideachas. Cé gur minic a chuirtear i gcás gurb ionann oideachas agus an teagasc a fhaigheann daoine óga agus iad ar scoil is léir go dtéann foghlaim thar gheataí na scoile amach. Foghlaimíonn páistí go leor sula dtéann siad ar scoil in aon chor, go háirithe an cumas chun teanga a úsáid. Tar éis scoile, leanann an fhoghlaim de bheith ina phróiseas dinimiciúil i saol daoine; glacann cuid acu páirt i ngníomhaíochtaí foirmiúla nó neamhfhoirmiúla oideachais, nó leanann siad cúrsaí a chuireann a gcuid fostóirí ar fáil.

Prionsabal eile is ea é go dtarlaíonn foghlaim i ngach áit. Ar bhealach is athrá é seo ar an gcéad phrionsabal. Mar sin féin, is soiléire é san aithint a thugann sé do ról gníomhaireachtaí lasmuigh den scoil (mar shampla, an teaghlach, grúpaí comhaoise, an eaglais, leabharlanna, an idirlíon) i bhforbairt intleachtúil, fisiciúil, spioradálta, mothúcháin, morálta, agus sóisialta daoine óga i gcaitheamh a mblianta scolaíochta.

Sa tríú háit, tarlaíonn foghlaim i níos mó ná bealach amháin. Mar shampla, is mór an difríocht idir an cur de ghlanmheabhair a tharlaíonn ar scoil, ar léiríodh míshástacht leis i gcaitheamh an phróisis comhairliúcháin, agus na saghasanna foghlama a chuireann ríomhairí agus an ceangal leis an idirlíon ar fáil má bhaintear úsáid astu chun scileanna a fhorbairt sa chumarsáid, san anailís, i mbainistiú agus in aisghabháil an eolais, agus i réiteach fadhbanna.

Tar éis machnamh a chaitheamh ar na prionsabail seo, bhí sé le baint as na haighneachtaí don phróiseas comhairliúcháin go raibh gá le béim níos mó a chur ar pháirt níos gníomhaí a thabhairt don bpobal agus do thuismitheoirí sa phróiseas déanta cinneadh agus ar raon níos

leithne deiseanna foghlama a chur ar fáil. Chun tairbhe a bhaint as acmhainneacht an phobail, go háirithe chun ‘deiseanna foghlama bunaithe ar thaithí’ a sholáthar, luadh an gá atá ann le feabhas a chur ar bhealaí cumarsáide idir scoileanna agus raon leathan gníomhaireachtaí (tionscail, grúpaí óige, seirbhís oideachais lasmuigh den scoil).

Nuair a thugtar aitheantas don éifeacht thábhachtach ar fhoghlaim a bhíonn ag daoine, institiúidí agus gníomhaireachtaí lasmuigh den scoil, éiríonn sraith éagsúil agus leathan dúshlán do scoileanna. Ní mór ceann níos mó a thógaint den eolas agus de na bealaí foghlama a thugann daltaí leo nuair a thagann siad ar scoil, go háirithe daltaí ó cheantair faoi mhíbhuntáiste; caitheann feabhas a chur ar theagmhálacha le tuismitheoirí agus pobail le linn saol scoile foghlaimeoirí; agus beidh gá le hidirghabháil i bhfad níos mó leosan a bhaineann úsáid as torthaí an chórais oideachais fhoirmiúil.

Má ghlactar leis an bprionsabal gur córas fad saoil é an t-oideachas (ag tosú sar a dtagann an páiste ar scoil agus ag leanúint ar feadh a s(h)aoil), agus gur cheart soláthar a dhéanamh a fhreastalaíonn ar riachtanais an fhoghlaimeora aonair, tagann nithe cosúil leis an bhfad aimsire a fhanann daoine sa chóras foirmiúil oideachais i gceist. Toisc go meastar go mbíonn cúiteamh le fáil acusan a fhanann i bhfad ar scoil nó sa choláiste, ba é an polasaí oifigiúil é daoine a mhealladh fanacht ar scoil go dtí os cionn 16 bliana agus socruithe dá réir a dhéanamh. Sa chomhthéacs seo, meastar gur éirigh go han-mhaith leis na cúrsaí iar-ardteistiméireachta, ach nár tugadh an t-aitheantas a bhí tuillte acu dóibh. Mar sin féin, seans go bhfuil gá le tuilleadh deiseanna foghlama, bunaithe ar chianoideachas, ar ghréasáin phobail, ar sholáthar príobháideach, ar thaithí oibre, ar shaghasanna printíseachta nó ar theicneolaíocht chumarsáide, ar a laghad i gcomhair mac léinn áirithe tar éis dóibh an tréimhse éigeantach scolaíochta a chríochnú.

Bhí tacaíocht áirithe ann do bhealaí malartacha chun oideachas a chur ar fáil. Dá bhrí sin, tacaíodh le cuid den bhuiséad oideachais a chaitheamh ar acmhainní pobail lasmuigh den scoil, foirgnimh scoile a chur ar fáil do phobail áitiúla lasmuigh d’uaireanta scoile, i gcomhair soláthar eile do mhic léinn a chailleann spéis sa scoil, chun cur ar chumas mac léinn a bheith ag obair agus ag freastal ar scoil ar bhonn páirtaimseartha, agus, chun feabhas a chur ar chaighdeán, dearbháin/creidmheas a thabhairt do gach éinne a bhféadfaidís úsáid a bhaint astu ag tráth ar bith dá saol chun tairbhe a bhaint as an oideachas. Mar sin féin, bhí claonadh sna tuairimí a nochtadh sa phróiseas comhairliúcháin ar an iomlán cloí leis an oideachas traidisiúnta bunaithe ar an scoil. Mar shampla, ní raibh tromlaigh sa suirbhé náisiúnta den tuairim gur cheart níos mó airgid a chaitheamh ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil (agus oideachas agus cúram luath-óige san áireamh). Seans nach mbeidh dul as ról níos leithne a thabhairt do ghníomhaíochtaí nach bhfuil chomh traidisiúnta sin má tháthar le haghaidh a thabhairt ní hamháin ar na fadhbanna atá ann faoi láthair ach ar na dúshláin is dócha a eascróidh amach anseo as na hathruithe cultúrtha, eacnamaíochta agus daonra atá ag titim amach.

Is féidir conclúidí ginearálta a tharraingt as an bpróiseas comhairliúcháin maidir le hoideachas lasmuigh den scoil.

- Tá gá le haitheantas níos mó a thabhairt don ról atá ag daoine aonair, gníomhaireachtaí, agus institiúidí lasmuigh den scoil san oideachas.

- Ba cheart go leanfadh comhoibriú níos mó idir scoileanna, pobail, agus gníomhaireachtaí éagsúla an t-aitheantas sin.
- D'fhéadfaí dearbháin a thabhairt do dhaoine a thabharfadh ceart ar roinnt áirithe oideachais dóibh ar feadh a saoil.

ARDOIDEACHAS

Mar a dúradh cheana, níor cuireadh an iomarca spéise san ardoideachas le linn an phróisis chomhairliúcháin. Is trua é seo nuair a chuirtear san áireamh an ról tábhachtach atá ag oideachas agus taighde ag an leibhéal seo chun an t-aistriú go dtí sochaí bunaithe ar fhaisnéis agus nuálaíocht a éascú, aistriú a mheasann a lán a bheith riachtanach do chumas iomaíochta agus do rathúnas na tíre. An uair gur meicníocht fhíorthábhachtach é an t-oideachas chun aidhmeanna leathana i gcomhthéacs an chuimsithe shóisialta a bhaint amach, tá dualgais ar leith ar rannóg an ardoideachais feabhas a chur ar rátaí rannpháirtíochta ó chodanna den tsochaí a bhfuil rannpháirtíocht faoi bhun an mheáin mar thraidisiún acu agus ó cheantair faoi mhíbhuntáiste.

Go háirithe, is gá díriú ar riachtanais rochtana, aistrithe, agus dul chun cinn i gcomhair fhoghlaim fad saoil; ar riachtanais fhoghlaiméoirí aonair; ar bhealaí seachadta atá solúbtha agus nuálach; ar an gclaonadh atá ag fás i measc mac léinn dul ó thír go tír; agus ar an riachtanas dosháraithe go gcuirí na prionsabail is fearr dhearbhu cáilíochta agus feabhsú cáilíochta i bhfeidhm chun bonn ceart a chur faoi sholáthar ardoideachais.

Deineadh tagairt sa phróiseas comhairliúcháin do chuid de na pointí seo: an gá le tuilleadh solúbthachta sa raon cúrsaí agus modhanna soláthair atá ar fáil; an gá le soláthar níos mó d'oideachas páirtaimseartha, gné den oideachas nach gcaitear go cothrom leis maidir le maoiniú faoi láthair; agus an gá le leigheas a fháil ar an ráta fágála ag mic léinn institiúidí ardoideachais gan a gcuid cúrsaí a chríochnú, go háirithe na hInstitiúidí Teicneolaíochta.

Tá na pointí seo a leanas ar na concluidí ar thángthas orthu maidir leis an ardoideachas.

- Tá gá le tuilleadh solúbthachta sna cúrsaí agus sa tslí a gcuirtear ar fail iad.
- Ba cheart go dtabharfaí oiliúint níos fearr in úsáid na faisnéise do mhic léinn atá ag fágaint na meánscoile agus ag dul ar aghaidh go dtí ardoideachas.
- Ba cheart oideachas páirtaimseartha a éascú.

BREISOIDEACHAS

Cé gur deineadh cás láidir in go leor aighneachtaí a cuireadh chuig an rúnaíocht i gcomhair soláthair leathnaithe don bhreisoideachas, go háirithe dóibh siúd nár deineadh freastal ceart orthu agus iad sa chóras foirmiúil oideachais, is beag an tacaíocht a tugadh dá leithéid de sholáthar sa suirbhé náisiúnta.

Mar sin féin, ardaíodh go leor pointí speisialta maidir le breisoideachas agus le hoideachas aosach sna haighneachtaí agus ag na cruinnithe. Ag leibhéal bunúsach, measadh go mba chúí aitheantas níos mó a thabhairt don réimse mar ghné thábhachtach de sholáthar

oideachais. Aithníodh go leor nithe, áfach, a chuir teorainn leis an aitheantas seo: gearradh siar sna liúntais do mhic léinn; teorainneacha le líon na mac léinn ar chúrsaí; leithcheal á imirt ar mhic léinn nach féidir leo páirt a ghlacadh ach ar bhonn páirtaimseartha; ganntanas saoráidí chúram leanaí atá saor, d'ardchaighdeán agus solúbtha; agus an ghné pháirtaimseartha d'fhostaíocht na dteagascóirí. Luadh an pointe chomh maith go raibh gá le modhanna níos oiriúnaí measúnaithe ná scrúduithe traidisiúnta.

Is féidir na conclúidí seo a leanas a tharraingt as an d'ospóireacht a deineadh ar bhreisoideachas sa phróiseas comhairliúcháin.

- Tá aitheantas níos mó tuillte ag breisoideachas i gcomhthéacs soláthar oideachais.
- Measadh constaicí áirithe (easpa saoráidí chúram leanaí, córas míchothrom chun mic léinn a mhaoiniú orthu) a bheith ann a chuir teorainn le rannpháirtíocht sa bhreisoideachas.

5. CLABHSÚR

Ar bhealaí áirithe, bhí an próiseas comhairliúcháin chomh hinspéise céanna leis an toradh a tháinig as. Bhí go leor laigí le brath. Ar an gcéad dul síos, seans toisc go raibh na próisis nua, seans toisc go bhfaca grúpaí leasmhara na cruinnithe mar ghléas chun a gcuid tuairimí a chur in iúl, bhí sé an-deacair díospóireacht a raibh brí leis a chur ar siúl. Glacadh le seasaimh gan iad a phlé ná gan argóintí a dhéanamh chun iad a chosaint. Seans gurbh é an easpa taithe ba chúis leis gur thug grúpaí áirithe le tuiscint go raibh fiúntas a gcuid tuairimí ag brath ar an líon uair a deineadh athrá ar an argóint.

Sa dara háit, bhí sé deacair, ag na cruinnithe agus sna haighneachtaí scríofa, tabhairt ar rannpháirtithe i gcoitinne bogadh ón inní a bhí orthu faoi nithe a bhí ag titim amach i láthair na huair agus dearcadh níos fadradharcaí a ghlacadh ar fhorbairt an chórais oideachais. Sa chomhthéacs céanna, tríd is tríd níor éirigh le rannpháirtithe riachtanais an chórais i gcoitinne a chur san áireamh, mar gurbh fhearr leo díriú ar riachtanais réimse speisialta nó ar riachtanais ghrúpa ar leith mac léinn. Mar sin féin, tá impleachtaí fadtréimhseacha intuigthe in go leor de na tuairimí a nochtadh.

Laige ghaolmhar eile a tháinig chun solais i gcaitheamh an phróisis is ea é nár aithnigh rannpháirtithe go bhfuil teorainn le hacmhainní, agus go bhfuil impleachtaí ag soláthar breise i réimse amháin ar an soláthar is féidir a dhéanamh i réimse eile. Bhí doicheadall suntasach le brath glacadh leis go gcosnaíonn moltaí, is cuma cé chomh fiúntach atá siad, airgead, rud a chiallaíonn gur lú an t-airgead atá ar fáil chun mianta eile a shásamh.

Laige amháin eile a bhí soiléir in aighneachtaí áirithe i gcaitheamh an phróisis is ea nár cuireadh fianaise ar fáil chun tacú le seasaimh nó le moltaí. Mar shampla, ba leasc le daoine éifeacht na moltaí chun deacrachtaí foghlama a leigheas a scrúdú. Sa chuid is mó, ba é líon níos mó ná oilteacht na múinteoirí a b'ábhar inní dóibh.

Ag cur na nithe seo san áireamh, is féidir suntas a thabhairt do roinnt téamaí ginearálta, a bhfuil impleachtaí fadtéarmacha acu, a ardaíodh le linn an phróisis. Bhí ceann amháin díobh bunaithe ar amhras a chaitheamh ar an eolas agus na scileanna a chothaíonn an córas reatha oideachais. Measadh nach raibh siad oiriúnach mar ullmhúchán i gcomhair saoil in ngeilleagar 'bunaithe ar fhaisnéis' atá ag athrú faoi luas, a d'éileodh raon cumas a ngairtear díobh ó am go ham scileanna i réiteach fadhbanna, in úsáid an eolais i ndálaí nua, agus scileanna traschuraclaim. Mar sin féin, is cosúil nár tugadh dóthain suntais don deacracht a bhaineann leis na scileanna sin a theagasc. Tharlódh leis nár tugadh dóthain creidiúna don tábhacht atá le heolas a bhaineann le fearann ar leith oideachais i gcomhthéacs fadhbanna a réiteach.

Seans gur inní faoi chumais a fhorbairt a bhí mar bhonn le téama a bhain le modhanna teagaisc agus foghlama, go háirithe an gá le cur chuige níos gníomhaí agus níos praiticiúla. Tá impleachtaí soiléire, tábhachtacha ag an téama do lucht deartha curaclam agus do scoileanna sa ghearr- agus sa bhfadtéarma: do phacáistiú agus do chur i láthair an eolais agus don ró-éileamh ar am mhac léinn a mheastar a dhéanann ábhair áirithe. Tagann méid an dúshláin chun

soiléire nuair a chuimhnítear gur fusa déileáil le leithead ná le doimhneas, méid mór abhair a chlúdach go tapa seachas téamaí a iniúchadh go mion, agus gur fusa tabhairt ar mhic léinn fíoras agus sainmhínithe a chur de ghlanmheabhair ná rudaí a thuiscint.

Téama eile a tháinig chun solais ná an tuairim nach dtugtar dóthain aire i scoileanna d'fhorbairt neamhintleachtúil na mac léinn. Aithníodh raon tréithe neamhintleachtúla a measadh tábhacht a bheith leo, ní hamháin do chumais intleachtúla a shealbhú, ach i gcomhthéacs iompair shóisialta agus mhorálta na bhfoghlaimoírí chomh maith. Ar na tréithe seo, tá spreagadh chun máistreacht a fháil, meon dearfa i leith foghlama, córas luachanna, agus mothú combhionannais agus cuimsithe.

Ba dhóigh le roinnt mhaith rannpháirtithe nach raibh sé indéanta curaclaim a leasú gan scrúduithe a leasú ag an am céanna. Bhí tacaíocht láidir ann, sa suirbhé náisiúnta chomh maith leis na haighneachtaí, go bhfuil athruithe móra ag teastáil san Ardteistiméireacht. Ar bhonn na tuairime seo, chomh maith le suntas a thabhairt do na hathruithe as cuimse atá ag teacht ar eolas agus ar thuiscintí, is léir go bhfuil níos mó ná mionathruithe ag teastáil má tá scoileanna leis an saghas eolais agus tuisceana a bheidh ag teastáil ó mhic léinn amach anseo a fhorbairt. Mar shampla, conas d'fhéadfadh scrúdú atá (más fíor a ndeirtear) ag brath go mór ar ghlanmheabhrachas ullmhúchán oiriúnach a thabhairt i gcomhair saoil atá ró-ualaithe le fíoras agus iliomad frámaí tuisceana agus gníomaíochta? An ullmhúchán cóir é do mhic léinn a chaithfidh feidhmiú i ndálaí ina bhfuil na frámaí a úsáidtear chun an saol a thuiscint ag iolrú agus go minic ag teacht trasna ar a chéile?

Thángthas go tréan le heolas a chur ar fáil go poiblí ar acmhainní, ar shaoráidí, agus ar dhul chun cinn scoileanna. Sa suirbhé den ghnáthphobal, ba dhóigh le móraimh mhóra gur cheart do scoileanna eolas a chur ar fáil faoina gcuid cúrsaí, a gcuid saoráidí chun deacrachtaí foghlama a réiteach, agus faoi thorthaí a gcuid scrúduithe poiblí.

Imní mar gheall ar oilteacht múinteoirí ba bhun leis an tuairim go raibh gá le próisis níos láidre inchuntasaíochta a mbeadh mar ghnéithe díobh measúnú níos rialta múinteoireachta agus athoiliúint nó múinteoirí atá ar lagéifeacht a bhogadh as an seomra ranga.

Tugadh suntas chomh maith d'iompar mac léinn sna scoileanna. Léiríodh imní mhór faoin drochéifeacht a bhíonn ag mic léinn airithe, agus faoi na laincisí, cuid acu ar measadh bonn reachtúil a bheith fúthu, ar dhul i ngleic leo.

Uaireanta bhí sé le brath ar ráitis faoi iompar múinteoirí agus mac léinn gurbh é ba bhun leo ná frustrachas ó thaobh thuismitheoirí, agus go deimhin mac léinn, nach raibh ag éirí leo réiteach a fháil ar an bhfadhb. Fad áirithe, do b'fhéidir é seo a réiteach trí tuilleadh cumhachta a thabhairt do thuismitheoirí agus do mhic léinn, a fhéadfaí a bhaint amach trí ról a mbeadh brí níos mó leis a thabhairt dóibh i mbainistiú scoileanna.

Tá impleachtaí níos leithne do bhainistiú scoileanna i gcomhthéacs ilchineálú shochar comhaimseartha na tíre nár tugadh mórán suntais dóibh le linn an phróisis chomhairliúcháin. Tá aitheantas éigin á thabhairt dó sin cheana féin i rialú agus bainistiú scoileanna. Mar sin féin, ba ghá polasaí níos soiléire a cheapadh i gcomhthéacs an mhéadú mór gan choinne a tharla san ilchiníochas sa tír le déanaí. Go deimhin, ba ghá aire i bhfad níos mó a thabhairt d'fhorbairt pholasaithe a fhreastalódh ar impleachtaí fadtéarmacha na héagsúlachta i gcúrsaí cultúir agus reiligiúin ná mar a tugadh dó le linn an phróisis chomhairliúcháin.

Ag na cruinnithe poiblí, aithníodh go lánsoiléir an riachtanas atá ann acmhainní níos mó a sholáthar i gcomhair daltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama de shaghasanna éagsúla acu. Cé gurbh iad grúpaí leasmhara nó daoine aonair a raibh deacrachtaí acu rochtain a fháil ar sheirbhísí i gcoitinne a thacaigh leis an riachtanas, níor chuir éinne i gcoinne na tuairime gur ghá cúram ar leith a dhéanamh de mhic léinn a raibh riachtanais speisialta acu. Chomh maith leis sin, ba é oideachas pháistí a raibh deacrachtaí foghlama acu an t-aon ghníomhaíocht amháin go raibh tromlach na bhfreagróirí sa suirbhé náisiúnta i bhfábhar tuilleadh maoine a sholáthar dó. Is é an impleacht níos leithne atá ag na tuairimí seo ná gur cheart curaclaim agus modhanna teagaisc a fhorbairt a fhreastalódh ar riachtanais gach uile mhac léinn.

Ag cur san áireamh an bhreis foirne a bheadh ag teastáil, éiríonn impleachtaí follasacha maoinithe as aon iarracht a dhéanfaí freastal ar riachtanais speisialta mac léinn. Agus go deimhin, bhí an gá atá ann níos mó infheistithe a dhéanamh san oideachas ina théama mór eile a tháinig i gceist le linn an phróisis chomhairliúcháin. Bhíothas nach mór ar aon fhocal ag na cruinnithe agus sna haighneachtaí, chomh maith leis na freagraí ar an suirbhé náisiúnta, nach leor an t-infheistiú atá á dhéanamh in oideachas sa tír (de ghnáth i gcomparáid le tíortha eile). Cé gur aithníodh go bhfuil gá le tuilleadh infheistithe chun raon leathan gníomhaíochtaí a mhaoiniú, mar sin féin, ní raibh aon rófháilte roimh an moladh go gcuirfí an t-airgead breise ar fáil trí chánacha breise pearsanta a ghearradh. Níor caitheadh machnamh tromchúiseach ach an oiread le héifeacht na dtionscadal a moladh.

Cé gur ar oideachas traidisiúnta i scoileanna ba mhó a bhí an díospóireacht dírithe le linn an phróisis chomhairliúcháin, léiríodh tacaíocht éigin do coincheap níos leithne oideachais a éascódh soláthar níos solúbtha. Bheadh impleachtaí aige seo ar ndóigh ar an mbealach ina n-eagraítear agus ina bhfeidhmíonn scoileanna. Caithefear tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar ról scoileanna agus gníomhaireachtaí eile chun an bealach is oiriúnaí a fháil chun deiseanna a sholáthar do mhic léinn an raon eolais, scileanna, tréithe agus meoin a bheidh ag teastáil uathu i rith a saoil a shealbhú.

Ar go leor bealaí, tá na tuairimí a nochtadh sa phróiseas comhairliúcháin ag teacht le tuairimí na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE), atá le tamall anuas ina cuid cruinnithe agus foilseachán ag plé ról na scoile i gcóras oideachais a bhfuil d'aidhm aige freastal ar na dúshláin atá romhainn amach. Táthar tar éis roinnt creatlach a mholadh a chuireann fráma ar fáil chun a bhfuil romhainn a shamhlú, agus tá raon ceisteanna tar éis éirí. Ar an gcéad dul síos, cosúil leis an bpróiseas comhairliúcháin, aithníodh gur gá ról churaclam nua, cur chuige nua, nuálaíocht, agus modhanna tástála a scrúdú. Sa dara háit, cé gur tacaíodh le ról scoileanna i bhforbairt réimsí neamhintleachtúla (mar shampla, meoin agus luachanna foghlaimeoirí) sa phróiseas comhairliúcháin, ní mór dianmhachnamh a chaitheamh le conas ab fhéidir le scoileanna páirt a ghlacadh, chomh maith leis an pháirt ab fhéidir le hinstitiúidí agus gníomhaireachtaí eile a ghlacadh maidir le fadhbanna a eascraíonn as bloghadh sóisialta i dteaghlaigh agus i bpobail agus maidir le géarchéim a mheastar a bheith ann i gcomhthéacs luachanna. Sa tríú háit, ní mór scrúdú a dhéanamh ar an teagmháil a bhíonn ag scoileanna le scoileanna eile (chun gréasáin a chruthú), le pobail, le proifisiúin eile, agus le tuismitheoirí ar mhaithe le comhthéacs níos cuimsithí agus níos iomláine a chruthú don fhoghlaim. Ar deireadh, éiríonn ceisteanna faoi

cár cheart an próiseas déanta cinnidh, an próiseas inchuntasaíochta, agus an teagmháil idir scoileanna, tuismitheoirí, agus na húdaráis lárnacha a lonnú.

Mar fhocal scoir, níor mhiste ceist a chur, cén sórt físe atá sna tuairimí a nochtadh le linn an phróisis chomhairliúcháin? Cén teachtaireacht atá iontu do lucht déanta polasaí? Sula dtabharfar faoi na ceisteanna sin a fhreagairt, níor mhiste a lua nár chuir lucht déanta na moltaí a gcuid moltaí in ord tosaíochta, níor deineadh meastachán den méid a chosnóidís, agus níor soláthraíodh fianaise a thacódh leo, agus dá bhrí sin, ní féidir a rá go leagann siad clár cinnte gníomhaíochta amach.

Is é an rud a chuireann siad ar fáil mar sin féin ná dearcadh poiblí ar oideachas na tíre, a léiríonn, ní hamháin go bhfuiltear ullamh ach go bhfuil cíocras chun athraithe ann, atá ina fhráma tagartha ag lucht déanta polasaí nuair a chuireann siad rompu aidhmeanna a leagan amach, ord tosaíochta a cheapadh, agus pleananna agus straitéisí a bheartú.

An chéad ghné den fhís a léirigh an próiseas comhairliúcháin ná tuairim faoi cad ba cheart d'oideachas a bhaint amach. Ag teacht trasna ar an riocht inar measadh an scéal a bheith i láthair na huaire, tugadh tacaíocht láidir don tuairim gur cheart go rachadh an t-oideachas thar cheisteanna acadúla chun cúram a dhéanamh d'fhorbairt phearsanta agus shóisialta fhoghlaimoirí, chun iad a ullmhú don saol oibre. Ina theannta sin, ba cheart taithí phraiticiúil a sholáthar chun tacú le mic léinn agus cumais á sealbhú acu. Beidh impleachtaí bunúsacha ag na nithe seo i gcomhair curaclam, teagaisc, cúinsí foghlama, measúnú/scrúduithe, agus oiliúint mhúinteoirí. Sa tríú háit, ba cheart go mbeadh léargas níos fearr ag an bpobal ar a mbíonn ar siúl i scoileanna. Sa cheathrú háit, beidh tacaíocht láidir ón bpobal ann do pholasaithe agus do sholáthar a fhéachfaidh le freastal ar mhic léinn a bhfuil deacrachtaí foghlama acu. Ní raibh an oiread céanna tacaíochta ann sa suirbhé náisiúnta do dhaoine nár dhein an córas oideachais freastal cuí orthu san am a caitheadh, cé gur tacaíodh go láidir le cás an ghrúpa seo ag na cruinnithe poiblí. Ar deireadh, bhí an próiseas comhairliúcháin i bhfábhar gnímh a thabharfadh aghaidh ar cheisteanna a bhaineann le fadhbanna sóisialta, athrú cultúrtha, agus méadú in úsáid na teicneolaíochta, ceisteanna a éiríonn ar dtús lasmuigh den scoil, agus nach féidir le scoileanna a réiteach ar a gconlán féin.